

Cuntas Leithreasa 2022

Vóta 44

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 44, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 i gcomhair thuarastail agus speansais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeontú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €6.306 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gclár 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheann Oifige. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí airgeadais don Choimisiún um Chosaint Sonraí faoi chomhaontú seirbhíse.

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Tugann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dearbhú bliantúil i leith na seirbhísí a sholáthraítear don Roinn Dlí agus Cirt agus déantar iniúchadh uirthi faoi phróisis deimhnithe ISAE 3402 i leith an dearbhaithe sin.

Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó na hOifigigh Chuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus don Roinn Dlí agus Cirt maidir leis na rialuithe iomchuí a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Choimisiún um Chosaint Sonraí.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Baineann an Coimisiún úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta chun, inter alia, riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear scileanna bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta. Déantar an oiliúint is gá a eagrú nó a fhoinsiú de réir mar is cuí ansin.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Maidir leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Tá córas bainistíochta riosca ar bun.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Le linn na bliana 2022, sholáthair rannán TFC na Roinne Dlí agus Cirt seirbhísí áirithe TFC don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Ag gníomhú dó faoi chomhaontú seirbhíse, sholáthair rannán TFC na Roinne Dlí agus Cirt ráiteas dearbhaithe inar leagadh amach na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2022.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, ar feidhm sheachfhoinsithe í ag a bhfuil pearsanra atá oile go cuí agus a oibríonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Coimisiún um Chosaint Sonraí neamhchosanta orthu a cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Thionóil an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca don Choimisiún um Chosaint Sonraí sé chruinniú sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022.

Soláthar

Deimhním go gcinntíonn an Coimisiún go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Thug an Coimisiún mionsonraí faoi chonradh neamhiomaíoch amháin sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Ní raibh aon chonarthaí neamhchomhlíontacha ar mhó a luach ná €25,000, gan CBL a áireamh, ann sa bhliain 2022.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus déantar iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntas atá siad. Déanann an Coiste Ardbhainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an gcuntas, cuireadh nósanna imeachta foirmiúla chun feidhme le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuireadh easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Choiste Ardbhainistíochta, i gcás gurb ábhartha.

Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na foirne ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2022 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar phaindéim Covid-19, agus tá torthaí na measúnuithe sin mar a leanas:

Ní raibh aon tionchar diúltach ann ar rialuithe inmheánacha de dheasca na paindéime. Deimhním gur lean an fhoireann ardbhainistíochta agus mise féin ar aghaidh le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha sna blianta 2021 agus 2022.

Helen Dixon

Oifigeach Cuntasaíochta

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

28 Márta 2023

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáлтаis agus an caiteachas a bhain le Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Coimisiún um Chosaint Sonraí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithe míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Cuntas Leithreasa 2022

		2022	2021
	Soláthar meastacháin €000	Toradh €000	Toradh €000
Caiteachas an chláir			
A Rialáil Cosanta Sonraí a Sholáthar	23,234	16,876	14,757
Ollchaiteachas	23,234	16,876	14,757
<i>Lúide</i>			
B Leithreasaí-i-gcabhair	285	233	189
Glanchaiteachas	22,949	16,643	14,568

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Stáitchiste.

	2022 €	2021 €
Barrachas le géilleadh	6,306,004	4,329,514

Helen Dixon

Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chosaint Sonraí

28 Márta 2023

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

	2022	2021
	€000	€000
Pá	10,906	9,326
Neamhphá	5,970	5,431
Ollchaiteachas	16,876	14,757
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	(233)	(189)
Glanchaiteachas	16,643	14,568
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin – airgead tirim	(226)	
Dímheas	52	(116)
Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	282	
Méadú ar réamhíocaíochtaí deiridh	(13)	
Laghú ar fhardail deiridh	9	106
Caiteachas díreach	16,747	14,558
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	161	151
Glanhostas an chláir	16,908	14,709

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 44 a tabhaíodh in áit eile.

	2022	2021
	€000	€000
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	83	78
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	20	17
Vóta 24 Díl agus Ceart	58	56
	161	151

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	1,063	889
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	587	173
Fardail ^a		—	9
Réamhíocaíochtaí	2.3	203	190
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	—	162
Iarmhéideanna dochair eile		4	142
Iomlán na sócmhainní reatha		794	676
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.4	466	184
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	591	477
Iomlán na ndliteanas reatha		1,057	661
Glansócmhainní/(glandliteanais) reatha		(263)	15
Glansócmhainní		800	904
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.7	800	904

Nóta ^a Ón mbliain 2022 i leith, déantar earraí ardtoirte íseal-luacha a chlárú ina n-iomláine mar speansas sa bhliain agus ní aicmítear mar earraí stoic iad a thuilleadh.

2.1 Sócmhainní caipítíl

	Troscán agus feistis €000	Trealamh TF agus oifige €000	Sócmhainní caipítíl atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 ^a	2	185	819	1,006
Breiseanna	—	—	226	226
Nithe a cuireadh in úsáid	—	1,045	(1,045)	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022	2	1,230	—	1,232
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022	2	115	—	117
Dímheas don bhliain	—	52	—	52
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022	2	167	—	169
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022	—	1,063	—	1,063
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	—	70	819	889

Nóta ^a Áirítear leis an iarmhéid tosaigh roinnt sócmhainní ar lú a gcostas ná €10,000.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000
Iarmhéideanna agus airgead tirim ag an bPámháistir Ghinearálta	466	173
Cuntais bhainc tráchtála	121	—
	587	173

Nóta Mar aon leis an gcuntas Pámháistir Ghinearálta le Danske Bank, tá ceithre chuntas bainc tráchtála eile ag an gCoimisiún. Bhí iarmhéid nialasach ag dhá cheann de na cuntais sin ag an 31 Nollaig 2022.

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Costais áitribh oifige	174	178
Cumarsáid	14	8
Eile	15	4
	203	190

2.4 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Seirbhísí agus tacaíocht TF	348	88
Speansais riaracháin	18	58
Costais dlí	100	38
	466	184

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	278	250
Cáin bhreisluacha ar shonraisc eachtracha	14	6
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	100	114
	392	370
Míreanna sochair eile ar fionraí	199	107
	591	477

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	6,306	4,330
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(6,306)	(4,492)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	—	(162)
Arna léiriú ag:		
Banc agus airgead tirim	587	173
larmhéideanna dochair: fionraí	4	142
	591	315
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(392)	(120)
larmhéideanna sochair: fionraí	(199)	(357)
	(591)	(477)
	—	(162)

2.7 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta	2022	2021
		€000	€000
larmhéid ag an 1 Eanáir		904	894
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin		22,949	
Barrachas le géilleadh		(6,306)	
Glanvóta		16,643	14,568
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	161	151
Glanchostas an chláir	1	(16,908)	(14,709)
		800	904

2.8 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda	2022	2021
ag an 31 Nollaig	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	563	514
Tionscadal caipitil	—	216
lomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	563	730

2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá suim agus uainiú iarbhír aon dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear i leith clár aonair: rialáil cosanta sonraí a sholáthar.

		2022		2021
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	15,970	10,906	9,326
ii	Taisteal agus cothú	110	34	2
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha agus speansais dlí	2,947	3,873	3,399
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	45	48	35
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,762	823	830
vi	Costais áitribh oifige	1,850	984	826
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	540	208	339
viii	Taighde	10	—	—
		23,234	16,876	14,757

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin €15.97 milliún; toradh €10.906 milliún

Is féidir an t-easnamh €5.064 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin a chur síos go príomha do dhúshláin leanúnacha i ndáil leis an líon íseal iarrthóirí ar éirigh leo i sainchomórtais a reáchtáladh sa bhliain 2022, do ráta mall sannacháin ó phainéil ghinearálta de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus do na creataí ama ina mbíonn comórtais á bhfógairt. Nochtadh i gcaidreamh leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go raibh dúshláin den chineál céanna ann i ndáil leis an líon iarrthóirí ar líon mór comórtas agus i ndáil leis an ardéileamh leantach ó eagraíochtaí is cliaint agus gur cuireadh roinnt feachtas earcaíochta siar go dtí an bhliain 2023. Rud eile a chuir leis an easnamh ba ea an ceanglas chun tuarastail foirne a phróifíliú ar bhonn bliantúlaithe agus ag an lárphointe den scála.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha agus speansais dlí

Soláthar meastacháin €2.947 milliún; toradh €3.873 milliún

Tháinig an barrachas €926,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha as costais dlí a bheith níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis. Ar an iomlán, bhí costais dlí an Choimisiúin, arbh ionann iad agus thart ar €3.5 milliún, beagáinín os cionn €900,000 níos airde ná an buiséad leithdháilte do chostais dlí. Tosca suntasacha eile a bhí taobh thiar den rócháitheamh sin ba ea na costais shuntasacha a tabhaíodh i roinnt tacar casta agus criticiúil d'imeachtaí dlí, an riachtanas méadaithe le seirbhísí dlí seachtracha, go háirithe i ndáil le saincheisteanna conspóideacha a tháinig chun cinn i bhfiosrúcháin trasteorann, agus an líon méadaitheach iarratas agus achomharc a rinneadh den chéad uair de bhun Acht 2018.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €1.762 mhilliún; toradh €823,000

Tháinig an t-easnamh €939,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha as na tosca seo a leanas: níor cuireadh tionscadal beartaithe rialachais sonraí ar siúl agus níor cuireadh aistriú oifige an Choimisiúin i gcrích sa bhliain 2022; cuireadh an méadú ar mhuirir rialta ón Roinn Dlí agus Cirt siar go mí Eanáir 2023; agus ba mhoille ná mar a bhíodhas ag súil leis an dul chun cinn a rinneadh ar an ardán straitéiseach TFC, rud a d'fhág gur athsceidealaíodh cuid mhór de na tionscnaimh go dtí an bhliain 2023.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €1.85 mhilliún; toradh €984,000

Tháinig an t-easnamh €866,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha as costais oibriúcháin a bheith níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar an gcianobair agus mar gheall ar mhoill ar spás oifige breise nua a áirithiú agus ar oibreacha feistithe a thosú tar éis an spás sin a áirithiú.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €540,000; toradh €208,000

Tháinig an t-easnamh €332,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha as an riachtanas le seirbhísí comhairleoireachta a bheith níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

	2022		2021
	Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1 Ilghnéitheach	10	—	—
2 Fáltais ó ranníocaíocht aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	275	233	189
Iomlán	285	233	189

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Stáitchiste

	2022 €000	2021 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Fáltais ó fhíneálacha riaracháin	17,640	800
Aistrithe chuig an Stáitchiste	(17,530)	(800)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	110	—

Nóta Aistríodh €17,530,000 chuig an Stáitchiste sa bhliain 2022. Baineann an t-iarmhéid €110,000 le fíneáil a bailíodh i mí na Nollag 2022 agus a aistríodh chuig an Stáitchiste i mí Feabhra 2023.

4.3 Fíneálacha

Féadfaidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí fíneálacha riaracháin a fhorchur faoin sainchúram reachtúil atá air. Ní fhéadfar aon fhíneáil arna forchur ag an gCoimisiún a bhailiú go dtí go ndeimhneofar le hordú Cúirte í (cibé acu de dhroim achomhairc nó de dhroim iarratas deimhniúcháin).

	2022	2021
	€000	€000
larmhéid tosaigh	225,171	710
Fíneálacha a forchuireadh sa bhliain	1,077,583	225,261
Fíneálacha a bailíodh (féach nóta 4.2)	(17,640)	(800)
Fíneálacha a coigeartaíodh/a díscríobhadh	—	—
larmhéid deiridh	1,285,114	225,171

D'fhorchuir an Coimisiún naoi bhfíneáil dar luach iomlán €1,077,583,000 sa bhliain 2022. Tá ceithre cinn de na fíneálacha sin dar luach iomlán €1,060,000,000 faoi réir achomhairc agus deimhniú ag an gCúirt faoi láthair.

Bailíodh sé fhíneáil dar luach iomlán €17,640,000 sa bhliain 2022 (forchuireadh trí cinn de na fíneálacha sin sa bhliain 2022 agus forchuireadh na trí cinn eile sa bhliain 2021).

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2022	2021
Líon foirne ag deireadh na bliana	<u>196</u>	<u>190</u>

5.2 Pá

	2022 €000	2021 €000
Pá	9,849	8,459
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	50	16
Liúntais eile	—	—
Ragobair	—	—
ÁSPC an Fhostóra	1,007	851
Pá iomlán	<u>10,906</u>	<u>9,326</u>

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2022 €	2021 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	4	2	13,539	7,564
Ragobair	—	—	—	217
Liúntais eile	—	—	—	—
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	—	—	—	—

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2022 €	2021 €
Ró-íocaíochtaí a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm ina leith	7	21,271	24,959
Ró-íocaíochtaí nach raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm ina leith	—	—	15,090
	7	21,271	40,049

5.5 Foireann an Choimisiúin de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid an Choimisiúin a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2022	2021
20,000	59,999	148	147
60,000	69,999	5	9
70,000	79,999	20	25
80,000	89,999	12	6
90,000	99,999	5	3
100,000	109,999	4	3
110,000	119,999	1	1
120,000	129,999	—	—
130,000	139,999	—	—
140,000	149,999	—	—
150,000	159,999	—	—
160,000	169,999	—	1
170,000	179,999	1	—

5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas:

	2022	2021
	€000	€000
Bunphá	170	165

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim aoisliúntais iar-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a teidlíochtaí pinsin thar théarmaí na scéime sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Coimisiún sa bhliain

	iomlán 2022 ^a	iomlán 2021 ^a
Líon na gcásanna	44	44
	€000	€000
Costais dlí an Choimisiúin féin	967	1,218
Íocaíochtaí a rinne an Oifig/a rinneadh thar a ceann		
Cúiteamh	—	—
Costais dlí	—	—
Costais eile	—	—
iomlán	967	1,218

Nóta ^a Éilimh ó dhaoine den phobal.

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2022

	iomlán 2022 ^a
Líon na gcásanna	16
Costais dlí an Choimisiúin féin	1,307
Íocaíochtaí a rinne an Oifig/a rinneadh thar a ceann	
Cúiteamh	—
Costais dlí	—
Costais eile	—
iomlán	1,307

Nóta ^a Éilimh ó dhaoine den phobal.

6.2 Táillí dlí

Tá costais dlí iomlána €2.064 milliún ar áireamh i bhfo-mhírcheann A.2 (iii), lena n-áirítear costais €966,828 a tabhaíodh i leith 44 thacar d'imeachtaí in aghaidh an Choimisiúin, mar atá leagtha amach i nóta 6.1 thuas (lena n-áirítear athbhreithnithe breithiúnacha, imeachtaí iomlánacha, agus achomhairc reachtúla a tionscnaíodh in aghaidh breitheanna ón gCoimisiún).

Áirítear leis na costais €2.064 milliún freisin €1.098 milliún de chostais dlí an Choimisiúin i leith naoi dtacar eile d'imeachtaí a thionscain an Coimisiún é féin. Ba é a bhí sna himeachtaí sin ná dhá ionchúiseamh margaíochta a thionscain an Coimisiún os comhair na Cúirte Dúiche faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 336 de 2011* agus sé iarratas deimhniúcháin a rinne an Coimisiún os comhair na Cúirte Cuarda faoi alt 143 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, chun deimhniú a dhéanamh ar fhíneálacha riaracháin a d'fhorchuir an Coimisiún ar eagraíochtaí. Ba é an toradh a bhí ar cheann amháin de na hionchúisimh mhargaíochta sin, áfach, ná gur dámhadh costais ionchúisimh dar luach iomlán €1,031 don Choimisiún. Mar thoradh air sin, laghdaíodh go €1.097 milliún na costais dlí fhoriomlána a bhaineann leis na himeachtaí a thionscain an Coimisiún sa bhliain 2022.

Sa chás An Coimisiún um Chosaint Sonraí v. Facebook Ireland agus Maximillian Schrems, d'ordaigh an Ard-Chúirt don Choimisiún costais an Uas. Schrems a íoc. Bhí na costais sin le cinneadh (ag Oifig Breithneoirí Costas Dlíthiúil na hArd-Chúirte) i gcás nach dtiocfaí ar chomhaontú ina leith. Rinne an Coimisiún íocaíocht eatramhach €450,000 le hionadaí dlí an Uas. Schrems sa bhliain 2020. Tá an chuid eile de na costais sin le híoc sa bhliain 2022. Íocadh €914,721 le hionadaí dlí an Uas. Schrems i mí Iúil 2022. Tá na costais sin ar áireamh san fhigiúr €1.098 milliún thuas. B'ionann an íocaíocht sin agus an tsuim a bhí fágtha den ordú costas, de bhun comhaontú a idirbheartaíodh idir cuntasóirí costas dlí an dá pháirtí faoi seach. B'ionann suim na híocaíochta iomláine agus laghdú an-suntasach ar na suimeanna a iarradh thar ceann an Uas. Schrems ar dtús. Ba iad comhairleoirí dlí seachtracha an Choimisiúin a mhol an figiúr laghdaithe sin.

**I.R. Uimh. 336 de 2011 — Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011 [ar a dtugtar na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach]*

6.3 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Chuaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí i mbun comhpháirtíochta le hÚdarás Cosanta Sonraí na Cróite agus le hOllscoil Vrije (an Bhruiséil) ar thionscadal arna chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach faoin gClár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht. Fuarthas maoiniú €91,000 ón Aontas maidir leis an tionscadal sin sa bhliain 2020. Ní bhfuarthas aon mhaoiniú eile ón Aontas sa bhliain 2021 ná sa bhliain 2022. Tabhaíodh caiteachas tionscadail €27,445 sa bhliain 2022.

Sa bhliain 2022, d'éirigh leis an gCoimisiún na bunspríocanna inghnóthaithe a leag an tAontas síos a chomhlíonadh mar chuid den ról atá aige laistigh den Fheachtas um Fheasacht a Mhúscailt (ARC) (atá dírithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus a seoladh i gcomhar le AZOP, Gníomhaireacht Cosanta Sonraí na Cróite, agus le hOllscoil Vrije, an Bhruiséil). Rinne an Coimisiún Eorpach meastóireacht ar an Tionscadal ARC agus luaitear mar a leanas sna fionnachtana: “measadh [an tionscadal] a bheith go han-mhaith agus níor sainaithníodh aon easnaimh. Is sásúil agus ar ardchaighdeán atá ábhar na mbunspríocanna inghnóthaithe, d'ainneoin na n-imthosca a d'eascair as an bpaindéim. Is féidir leis an tionscadal tionchar fadtéarmach a bheith aige ar ghrúpaí an tionscadail, ar an tsochaí agus ar Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus/nó beartais an Aontais Eorpaigh, agus is féidir leis a bheith ina stór eolais d'Údaráis eile Chosanta Sonraí freisin.”

Sholáthair an Coimisiún na haschuir tionscadail uaidh laistigh den bhuiséad, agus chuaigh sé i dteagmháil le Coimisiún an Aontais Eorpaigh chun teoracha a iarraidh maidir leis an airgead nár úsáideadh a thabhairt ar ais don leithdháileadh deontais lárnach.